RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/265 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Feabhra 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/704 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin a dhéanamh ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha 'INSECTICIDES FOR HOME USE'

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Bealtaine 2020, deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/704 ón gCoimisiún ([2]) údarú Aontais, faoi uimhir EU-0021035-0000, do Agrobiothers Laboratoire chun an fhine táirgí bithicídeacha 'INSECTICIDES FOR HOME USE' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraíonn Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin an achoimre ar shaintréithe táirge ('AST') le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha sin.

(2) An 30 Samhain 2021, leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/704 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2109 ón gCoimisiún ([3]), chun athruithe riaracháin a dhéanamh ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha 'INSECTICIDES FOR HOME USE', i gcomhréir le hAirteagal 50(2) agus Airteagal 50(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) An 24 Lúnasa 2022, 5 Eanáir 2023, 15 Feabhra 2023 agus 26 Meán Fómhair 2023 i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ([4]), chuir Agrobiothers Laboratoire tuilleadh fógraí maidir le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'INSECTICIDES FOR HOME USE' faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), athruithe atá taifeadta sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha faoi chás-uimhreacha BC-RR079365-04, BC-TJ083601-30, BC-GR084556-13 agus BC-FT088928-97. Baineann na hathruithe atá beartaithe agus faoinar tugadh fógra le ceithre thrádainm a chur leis an údarú, dhá thrádainm a athrú agus dhá thrádainm gnó a bhaint de.

(4) An 3 Deireadh Fómhair 2022 ([5]), an 2 Feabhra 2023 ([6]), an 9 Márta 2023 ([7]) agus an 19 Deireadh Fómhair 2023 ([8]), chuir an Ghníomhaireacht faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, tuairimí maidir leis na hathruithe riaracháin faoinar tugadh fógra ar an údarú

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/704 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2020 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'INSECTICIDES FOR HOME USE' (IO L 164, 27.5.2020, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/704/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2109 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/704 chun athruithe riaracháin a dhéanamh ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha INSECTICIDES FOR HOME USE' (IO L 429, 1.12.2021, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2109/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

([5]) Tuairim Uimh. UAD-C-1614316-40-00/F ó ECHA an 3 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an athrú riaracháin ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha: INSECTICIDES FOR HOME USE, https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([6]) Tuairim Uimh. UAD-C-1642252-38-00/F ó ECHA an 2 Feabhra 2023 maidir leis an athrú riaracháin ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha: INSECTICIDES FOR HOME USE, https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([7]) Tuairim Uimh. UAD-C-1648354-23-00/F ó ECHA an 9 Márta 2023 maidir leis an athrú riaracháin ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha: INSECTICIDES FOR HOME USE, https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([8]) Tuairim Uimh. UAD-C-1689543-18-00/F ó ECHA an 19 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis an athrú riaracháin ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha: INSECTICIDES FOR HOME USE, https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'INSECTICIDES FOR HOME USE', in éineacht le hachoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh. Sna tuairimí sin, tagann an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ar an gconclúid gur athruithe riaracháin iad na hathruithe atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 50(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus mar a shonraítear i dTeideal 1, Roinn 1, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 i gcónaí, tar éis na hathruithe a chur chun feidhme.

(5) An 19 Deireadh Fómhair 2023, tharchuir an Ghníomhaireacht an achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'INSECTICIDES FOR HOME USE' chuig an gCoimisiún i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais agus cumhdaíodh inti na hathruithe riaracháin ar fad arna n-iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 11(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

(6) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin, measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'INSECTICIDES FOR HOME USE' a leasú chun na hathruithe riaracháin a d'iarr Agrobiothers Laboratoire a thabhairt isteach.

(7) Ach amháin i gcás na leasuithe a bhaineann leis na hathruithe riaracháin, fanann gach faisnéis shubstainteach a áirítear san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh 'INSECTICIDES FOR HOME USE', mar a leagtar amach iad in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/704, gan athrú.

(8) Chun soiléireacht a fheabhsú agus chun rochtain a éascú d'úsáideoirí agus do pháirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite den achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/704. De thairbhe athrú ar an bhformáid a úsáidtear chun an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a ghiniúint sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha in 2024, ba cheart mionathruithe eagarthóireachta agus mionathruithe ar an leagan amach a bheith san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh san Iarscríbhinn sin.

(9) Mar sin de, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/704 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/704.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

INSECTICIDES FOR HOME USE

Cineál nó cineálacha táirge

PT18: Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh

Uimhir an údaraithe EU-0021035-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0021035-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	INSECTICIDES FOR HOME USE

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT18: Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Agrobiothers Laboratoire
	Seoladh	ZI Route des Platières 71290 CUISERY FR
Uimhir an údaraithe	EU-0021035-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0021035-0000	
Dáta an údaraithe	16.06.2020	
Dáta éaga an údaraithe	31.05.2030	

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	AGROBIOTHERS LABORATOIRE
Seoladh an mhonaróra	ZI Les Platières 71290 Cuisery An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	AF3 16 Rue de l oberwald 68360 Soultz An Fhrainc

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Permetrinas

Ainm an mhonaróra	Tagros Chemicals india Ltd. (Art.95 List: LIMARU NV (Acting for Tagros Chemicals India Private Limited)
Seoladh an mhonaróra	Jhaver Centre, Rajah Annamalai Bldg., IV floor 72 Marshal s road Egmore 600008 Chennai An India
Suíomh na láithreán monaraíochta	Tagros Chemicals india Ltd. (Art.95 List: LIMARU NV (Acting for Tagros Chemicals India Private Limited) A-4/1&2, Sipcot Industrial Complex, Pachayankuppam Cuddalore 607 005 Tamilnadu An India

Substaint ghníomhach	S-Methoprene
Ainm an mhonaróra	Babolna bio Ltd.
Seoladh an mhonaróra	Szallas u.6 H- 1107 Budapest An Ungáir
Suíomh na láithreán monaraíochta	Babolna bio Ltd. Szallas u.6 H- 1107 Budapest An Ungáir

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Permetrinas	3-fenoksibenzil (1RS,3RS;1RS,3SR)-3-(2,2-dichlorvinil)-2,2-dimetilciklopropankarboksilatas	substaint ghníomhach	52645-53-1	258-067-9	0,177 - 0,177 % (w/w)
S-Methoprene	Isopropyl-(2E,4E,7S)-11-methoxy-3,7,11-trimethyl-2,4-dodecadienoate	substaint ghníomhach	65733-16-6		0,00225 - 0,00225 % (w/w)
Propan-2-ol	Propan-2-ol	Substaint neamhghníomhach	67-63-0	200-661-7	3,33475 - 3,33475 % (w/w)
n-butane	n-butane	Substaint neamhghníomhach	106-97-8	203-448-7	63,458 - 63,458 % (w/w)
propane	propane	Substaint neamhghníomhach	74-98-6	200-827-9	16,271 - 16,271 % (w/w)
isobutane	isobutane	Substaint neamhghníomhach	75-28-5	200-857-2	4,068 - 4,068 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AE Dáileoir aerasól

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	SPRAE BAILE FEITHIDICÍDÍ

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT18: Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Permetrinas	3-fenoksibenzil (1RS,3RS;1RS,3SR)-3-(2,2-dichlorvinil)-2,2-dimetilciklopropankarboksilatas	substaint ghníomhach	52645-53-1	258-067-9	0,177 - 0,177 % (w/w)
S-Methoprene	Isopropyl-(2E,4E,7S)-11-methoxy-3,7,11-trimethyl-2,4-dodecadienoate	substaint ghníomhach	65733-16-6		0,00225 - 0,00225 % (w/w)
Propan-2-ol	Propan-2-ol	Substaint neamhghníomhach	67-63-0	200-661-7	3,33475 - 3,33475 % (w/w)
n-butane	n-butane	Substaint neamhghníomhach	106-97-8	203-448-7	63,458 - 63,458 % (w/w)
propane	propane	Substaint neamhghníomhach	74-98-6	200-827-9	16,271 - 16,271 % (w/w)

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
isobutane	isobutane	Substaint neamhghníomhach	75-28-5	200-857-2	4,068 - 4,068 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AE Dáileoir aerasól

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H222 : Aerasól fíor-inadhainte, H229 : Coimeádán brúchóirithe: D'fhéadfadh sé pléascadh dá dtéifí é H229: Coimeádán brúchóirithe: D'fhéadfadh sé pléascadh dá dtéifí é H304: D'fhéadfadh sé a bheith marfach má shlogtar é agus má théann sé isteach sna haerbhealaí. H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. H410: An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. EUH208: PERMETHRIN ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach.
Ráitis réamhchúraim	P101: Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe. P102: Coimeád as aimsiú leanaí. P103: Léigh go cúramach agus lean na treoracha go léir. P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P211: Ná spraeáil ar lasair gan chosaint ná ar fhoinse eile adhainte. P251: Ná toll agus ná dóigh, fiú tar éis úsáide. P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle/cúram liachta. P410+P412: Cosain ó sholas na gréine. Ná nocht do theocht níos airde ná 50 °C/122 °F. P411: Stóráil ag teocht nach airde ná 40 °C/104 °F. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P391: Bailigh doirteadh. P501: Diúscair ábhar i gcomhréir le rialachán áitiúil.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Sprae baile feithidicídí

An cineál táirge	PT18: Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Ctenocephalides felis Gnáthainm: - dreancaidí Céim na forbartha: larbhaí Ainm eolaíoch: Ctenocephalides felis Gnáthainm: - dreancaidí Céim na forbartha: aosaigh Ainm eolaíoch: Ixodes ricinus Gnáthainm: - sceartáin Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Rhipicephalus sanguineus Gnáthainm: - sceartáin Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Cóireáil dhírithe do throscán neamh-in-nite agus teicstílí baile amhail cairpéid, mataí, cathaoireacha uilleacha.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: spraying Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Tar éis an dromchla atá le cóireáil a fholúsghlanadh, spraeáiltear an táirge ag achar 30cm.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Cóireáil sprae 1.3 soicind in aghaidh gach 1m² (2,1g/m²). Airí uainithe: An t-íos-aga idir dhá chóireáil ná 6 mhí.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	an pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Canna aerasóil stánphláta le cumhdach inmheánach déanta as laicear eapocsach feanólach cosantach (250mL nó 500mL). Canna aerasóil stánphláta gan cumhdach inmheánach (300mL).

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach an treoir ghinearálta úsáide

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach an treoir ghinearálta úsáide

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach an treoir ghinearálta úsáide

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach an treoir ghinearálta úsáide

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach an treoir ghinearálta úsáide

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

— Úsáidtear an táirge le haghaidh cóireáil dhírithe troscán neamh-in-nite agus teicstílí baile amhail cairpéid, mataí, cathaireacha uilleacha.

— Léitear an lipéad nó an bileog i gcónaí roimh úsáid agus cloítear leis na treoracha uile a chuirtear ar fáil.

— Cloítear leis na dáileoga molta feidhmithe.

— Éifeachtúlacht iarmharach suas le 6 mhí a fhéadtar a ísliú i gcás gnáthghlanadh (mar shampla folúsghlanadh ar chairpéid) nó úsáid fhairsing as na dromchlaí (mar shampla siúl cuimilt...).

— I gcás inmhíolú leanúnach, bain úsáid as táirgí malartacha ina bhfuil substaintí gníomhacha a bhfuil modh gníomhaíochta difriúil acu chun friotaíocht a sheachaint. Is é an aidhm atá leis seo ná na cinn frithsheasmhacha a bhaint den daonra.

— Má leantar den inmhíolú in ainneoin na dtreoracha ar an lipéad/mbileog, déantar teagmháil le gairmí rialaithe lotnaidí.

— Ná húsáid ar chait ná ar ainmhithe eile ná ar chiseáin pheata do chait.

— Cuirtear an sealbhóir údaraithe ar an eolas más cóireáil neamhéifeachtach atá ann.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

— Ná húsáidtear ar dhromchlaí agus teicstílí in-fhliuchghlanta.

— Ná glantar troscán le héadaigh ceirtíní teasa agus ná déantar fliuchghlanadh ar chairpéid ná mataí, d'fhonn sceitheadh isteach sa chóras séarachais a sheachaint.

— Baintear gach bia, beatha agus deoch roimh chóireáil.

— Ná húsáidtear ar dhromchlaí agus áiseanna in aice láimhe nó atá dóchúil a bheith i dteagmháil le bia, beatha agus deochanna.

— Seachnaítear teagmháil leis na súile.

— Tar éis spraeála, fágtar an seomra agus fág ar feadh uair chloig le haghaidh gníomhaithe roimh aeráil.

— Baintear nó clúdaigh gairdíní buidéil, uisceadán agus caighin ainmhithe roimh fheidhmiú.

— Múchtar scagaire aeir an uisceadáin le linn spraeála.

— Coinnigh cait ar shiúl ó dhromchlaí cóireáilte. Is féidir leis an táirge bheith ina chúis le frithghníomhartha díobhálacha tromchúiseacha i gcait, mar gheall ar a n-íogaireacht ar leith do sármheitrin.

— Coinnítear leanaí agus peataí ar shiúl le linn cóireála.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

— Ionanálú: Tógtar an t-íospartach chun aeir úir agus coinnítear i mbun sosa i suíomh leathshuite. Iarr comhairle sláinte láithreach má tharlaíonn siomptóimm agus/nó má ionanálaítear cainníochtaí móra.

— Tadhall leis na súile: Comhréitear láithreach le neart uisce, agus ardaítear na caipíní súile uachtair agus íochtair ó am go ham. Déan seiceáil le haghaidh agus bain aon lionsaí tadhaill más éasca sin a dhéanamh. Leantar lena sruthlú le huisce bogthe ar feadh deich nóiméad ar a laghad. Faightear cúram míochaine láithreach má leantar de ghreannú nó lagú radhairc.

— Tadhall le craiceann: Baintear na héadaí agus na bróga éillithe. Glantar an craiceann éillithe le huisce. Déantar teagmháil le speisialtóir cóireála nimhe má tharlaíonn siomptóim.

— Tadhall leis an mbéal: Sruthlaítear an béal le huisce. Déantar teagmháil le speisialtóir cóireála nimhe láithreach má tharlaíonn siomptóim agus/nó i gcás tadhall béil le cainníochtaí móra.

— Ná tugtar leachtanna ná ná cothaítear urlacan i gcás comhfhios lagaithe; cuir sa luí téarnaimh agus iarr comhairle mhíochaine láithreach.

— Coinnítear an coiméadán nó an lipéad ar láimh.

— Féadfaidh sármheitrin a bheith contúirteach do chait. Má thugtar comharthaí nimhithe faoi deara, déan teagmháil le tréidlia láithreach agus taispeáin an paicéad dó/di.

— Féadfaidh sé go gcothóidh pireatróidí paraestéise (dó agus drithlíní sa chraiceann gan ghreannú). Má leantar de na siomptóim: Faigh comhairle liachta.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

— Ná sceitear an táirge neamhúsáidte ar an talamh, isteach i gcúrsaí uisce, i bpíobáin (doirteal, leithris ...) ná síos draenacha.

— Diúscair an táirge neamhúsáidte agus a phacáistiú agus an fuílleach uile eile de réir na rialachán áitiúil.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

— Seilfré: 24 mí.

— Ná stóráiltear ag teocht os cionn 40 °C.

— Ná nochtaítear go díreach don ghrian.

— Cosain ón sioc.

6. **FAISNÉIS EILE**

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	FRONTLINE PET CARE SPRAY INSECTICIDE ET ACARICIDE POUR L'HABITAT	Réimse margaidh: AE
	SPRAY ANTIPARASITAIRE POUR L'HABITAT 300 ML FRISKIES	Réimse margaidh: AE
	INSECTICIDE HABITAT/ HOME VETOCANIS	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD SPRAY INSECTICIDE ET ACARICIDE POUR L'HABITAT	Réimse margaidh: AE

	INSECTICIDE HABITAT/ HOME VITALVETO	Réimse margaidh: AE
	SPRAY INSECTICIDE POUR L'HABITAT VITALVETO / INSECTICIDE HOUSEHOLD SPRAY VITALVETO	Réimse margaidh: AE
	SPRAY INSECTICIDE POUR L'HABITAT VETOCANIS / INSECTICIDE HOUSEHOLD SPRAY VETOCANIS	Réimse margaidh: AE
	BEAPHAR SPRAY POUR L'HABITAT INSECTICIDE	Réimse margaidh: AE
	BEAPHAR OMGEVINGSSPRAY BINNEN INSECTICIDE	Réimse margaidh: AE
	BEAPHAR UMGEBUNGSSPRAY INNEN INSECTICIDE	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD Husholdningsspray med insekticid og acaricid	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD Insecticide and acaricide household spray	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD Hyönteisten ja punkkien torjuntasuihke kotitalouksille	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD insektizides und akarizides Haushaltsspray	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD Spray Εντομοκτόνο και ακαρεοκτόνο σπρέι οικιακής χρήσης	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD Spray insetticida e acaricida per l'ambiente domestico	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD Insecticide en acaricidespray voor huishoudelijk gebruik	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD Husholdningsspray med insekticid og acaricid	Réimse margaidh: AE
	FRONTLINE HOMEGARD INSETICIDA E ACARICIDA EM SPRAY PARA USO DOMÉSTICO	Réimse margaidh: AE

	FRONTLINE HOMEGARD Hushållspray med insekticid och akaricid	Réimse margaidh: AE
	PECUSANOL CASA Spray Inseticida para uso doméstico	Réimse margaidh: AE
	FLEA FREE omgevingsspray combo binnen insecticide	Réimse margaidh: AE
	BOGAPROTECT INSEKTIZIDES UMGEBUNGSSPRAY	Réimse margaidh: AE
	INSECTICIDE HABITAT CLÉMENT THÉKAN SPRAY ENVIRONNEMENT	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0021035-0001 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Permetrinas	3-fenoksibenzil (1RS,3RS;1R-S,3SR)-3-(2,2-dichlor-vinil)-2,2-dimet-ilciklopropan-karboksilatas	substaint ghníomhach	52645-53-1	258-067-9	0,177 % (w/w)
S-Methoprene	Isoprop-yl-(2E,4E,7S)-11-methox-y-3,7,11-trim-ethyl-2,4-dodec-adienoate	substaint ghníomhach	65733-16-6		0,00225 % (w/w)
Propan-2-ol	Propan-2-ol	Substaint neamhghníomhach	67-63-0	200-661-7	3,33475 % (w/w)
n-butane	n-butane	Substaint neamhghníomhach	106-97-8	203-448-7	63,458 % (w/w)
propane	propane	Substaint neamhghníomhach	74-98-6	200-827-9	16,271 % (w/w)
isobutane	isobutane	Substaint neamhghníomhach	75-28-5	200-857-2	4,068 % (w/w)